

SGÉUL FAOI CRUAIDH NA CARA

sé sin Oileán Mhac Dara atá amach ar aghaidh na hÁirde in aice Cárna.

Bhí stoc mór beithidhigheach agus caorach ar an oileán seo 'sa tsean aimsir. Cuireadh soitheach le fánadh an aice leis ar a gcaoi gur tháinig sí i dtír ann. D'fhan sí ann a bhfad rus gur mharbuigh siad an tarbh a bhí ar na beithidhigh agus an reithe a bhí ar na caoire. Nuair shíl siad imteacht as ansoin níl aon oidhche cébrí cé'n méid dhe'n fharrige a sheolfhadh siad nach mbeadh siad ar ais ar maidin lá'r na mháireach 'san áit ar fhag siad. Dubhairt siad ansoin gur le naomh eicint an toileán agus go gcaithfidís rud éicint a dheamamh dhó as ucht an tarbh agus an reithe a mharbhughadh air.

Rinne siad teampall agus tá an teampall le feiceál ann fós. Nuair a bhí an teampall deanta acab ansoin sheól siad agus d'imthigh siad. Ní raibh tarbh ná reithe ann ansoin, ach d'éirigh an tarb aníos as a bhfarrige aríst. Tá an poll taobh shiar de'n oileán ar ar eirigh an tarbh as, tugtar Poll a' Tairbh air. Bíonn an tuisge ag brúctáil suas díreach 'san aer as. Nuair a bhíonn an taoile roinnt íseal eirigheann an tuisge chomh hárđ le teach.

Tá áit taobh shiar seas dhe'n oileán a dtugtar léim a reithe ar. Teigheann báid suas agus anuas 'san áit seo idir an toileán agus clochar atá taobh amuigh. D'éirigh an reithe a marbhuigheadh amuigh ar a' gclochar seo agus chaith sé a léim isteach ar an oileán agus agus tá lorg a cheithre cosa'sa leic istigh ar an oileán. Chonnaic mise mé fhéin lorg na gcosa. Chreidim go mba le Mac Dara na beichidhigh agus go raibh an an tarbh agus an reithe naomhtha.